Uimhir chláraithe: 414351

# COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA
STIÚRTHÓIRÍ AGUS
RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

3 Cúirt an Chairdis
Rae an Chairdis
Baile Átha Cliath 2

Gnólacht
Iniúchóireachta
Reachtúla Strata Audit

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**

## EOLAS FAOIN gCUIDEACHTA

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | John McCafferty (Chair)<br>Robert Matthew Armstong<br>Ciara Breathnach<br>Lindsey Earner-<br>Byrne Liam<br>Chambers Marie<br>Coleman Peter<br>Crooks<br>Elaine Farrell<br>Patrick Geoghegan<br>David William Hayton<br>Niamh Howlin<br>Thomas Alvin<br>Jackson Elva<br>Johnston<br>Mary Ann Lyons<br>Kate Manning<br>Orlaith McBride<br>Hiram Morgan<br>Nicola Morris<br>Audrey Whitty |
| **Rúnaí cuideachta** | Cathy Hayes |
| **Uimhir chláraithe** | 414351 |
| **Oifig chláraithe** | 45 Cearnóg<br>Mhuirfean, Baile<br>Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí neamhspleácha** | Gnólacht<br>Iniúchóireachta<br>Reachtúla Strata<br>Audit 3 Cúirt an<br>Chairdis Rae an<br>Chairdis Baile Átha<br>Cliath 2<br>D02 VY52 |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Faiche Stiabhna<br>Baile Átha Cliath 2 |

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN**

## CLÁR ÁBHAR


| | Leathanach |
|---|---|
| **Ráiteas ón gCathaoirleach** | 1-2 |
| **Tuarascáil ó na Stiúrthóirí** | 3 -11 |
| **Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha** | 12 -14 |
| **Ráiteas ar staid an airgeadais** | 15 |
| **Clár comhardaithe** | 16 |
| **Ráiteas Sreabhaidh Airgid** | 17 |
| **Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais** | 18 - 29 |

# COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

## TUARASCÁIL Ó NA STIÚRTHÓIRÍ
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

**RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH**

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

Cuireann an Cathaoirleach a ráiteas don tréimhse i láthair.

Ba é W.T. Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle, a chuir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) ar bun i mí Dheireadh Fómhair 1928, agus corpraíodh é mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar an 24 Eanáir 2006. Ó 1928 is é príomh-shainchúram an Choimisiúin ná na foinsí príomhúla – i mbailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha – i gcomhair stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann a chraobhscaoileadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn. In 2024 rinneadh an méid sin trí athchló a fhoilsiú d'eagrán speisialta de shraithfhoilseachán CLÉ, *Analecta Hibernica,* an t-aonú imleabhar is fiche sa tsraith 'Calendar of Papal Registers', 'Papal Letters', agus an fhoinse phríomhúil atá ag croílár na tuisceana ar aistrithe talún sa nua-aois luath in Éirinn, *A list of the claims as they are entered with the Trustees ... Lúnasa, 1700.*

I Márta 2024 cuireadh níos mó eagrán CLÉ a bhí as cló leis an tseirbhís acmhainní digiteacha. Ciallaíonn sé sin go bhfuil 75 de na foilseacháin ar fáil le híoslódáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin CLÉ.

Ar an 5 Deireadh Fómhair 2024, ghlac CLÉ páirt i bhFéile Staire Bhaile Átha Cliath, á reáchtáil ag Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath tráth ar reáchtáladh léacht phoiblí dar teideal 'Surprising Survivals: Tine 1922'. B'ionann bunú CLÉ agus freagairt dhíreach ar an tine uafásach a tharla in Na Ceithre Chúirteanna i Meitheamh 1992 tráth ar scriosadh 700 bliain d'oidhreacht dhoiciméadach na hÉireann. I rith na léachta poiblí sin, rinne staraithe agus caomhnóirí a d'oibrigh ar an eagrán speisialta de *Analecta Hibernica* cur síos ar na rudaí is spéisiúla a thug siad faoi deara cosúil le séala agus litreacha de chuid Oifig Taifead Poiblí Shealadach na hÉireann (OTPÉ), séala agus litreacha ina raibh eolas le fáil faoi laethanta deiridh OTPÉ sular tharla an tine agus an léirscrios, agus an obair atógála a rinneadh ina dhiaidh sin.

Ar an 26 Samhain 2024, reáchtáladh cúigiú léacht dhébhliantúil Eoin Mhic Néill. Tugtha ag Dagmar Hovestadt, urlabhraí do Choimisinéir Cónaidhme na dTaifead Stasi sa Ghearmáin (2011-2021), ba é seo a leanas teideal na léachta, 'Taifid ar mhaithe le cuntasacht. Obair chartlainne ar mhaithe le ceartas agus cearta an duine. Bhí an seomra lán go doras fad is a bhí Bean Uasal Hovestadt i mbun scrúdaithe ar ról na gcartlann agus na dtaifead i gceartas idirthréimhseach. Phléigh sí an tslí a sholáthraíonn taifid fianaise maidir leis an am atá caite agus an tslí ar ghné bhunúsach den cheartas iad. Foilseofar a léacht i bhfoirm paimfléid in 2025.

Tá ionadaíocht fós á déanamh ar CLÉ ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann {ACÉ - www.iar.ie), seirbhís ar líne saor in aisce a thacaíonn le seirbhísí cartlainne ar fud na hÉireann chun cur síos ar bhailiúchán, a bhfuil ISAD(G) á gcomhlíonadh acu, a uaslódáil chuig tairseach gréasáin agus ar an tslí sin an bealach a n-aimsíonn siad bailiúcháin a fheabhsú. Is féidir le húsáideoirí na tairsí ACÉ taifid a chuardach in go leor taisclann éagsúil ar an oileán, lena n-áirítear go leor taisclann níos lú. In 2024, chinn CLÉ trí phostáil blag a urrú a bhí le hullmhú ag staraithe don suíomh gréasáin bunaithe ar an ábhar sa tairseach.

Tá fostaí buan amháin ag CLÉ, riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes, agus beirt fostaithe ar conradh - Bean Uasal Judith O'Brien agus Bean Uasal Sarah Rowley. Is mian liom buíochas a ghabháil leo as an obair a rinne siad agus as an díograis a léirigh siad do CLÉ in 2024.

## COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

### TUARASCÁIL Ó NA STIÚRTHÓIRÍ
### DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

Mar fhocal scoir, is mian liom béim a leagan ar an méid a scríobh mé i dtuarascálacha roimhe seo: ní fhaigheann baill CLÉ aon luach saothair as obair luachmhar a dhéanamh a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chlár oibre a chomhlíonadh. Tá an traidisiún seirbhíse seo i ndáil le scoláireacht agus an stát á choimeád ar bun ón tráth ar bunaíodh an Coimisiún sa bhliain 1928.

Ainm

John McCafferty
Cathaoirleach

Dáta

An 6 Márta 2025

## COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

### TUARASCÁIL Ó NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG

**2024 TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31**

**NOLLAIG 2024**

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig i láthair **2024.**

**Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí**

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil ó na Stiúrthóirí agus as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, thogh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann' (lena n-áirítear RCM na gCarthanachtaí (CTA 102)).

Faoi dhlí na gcuideachtaí, níor cheart do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta ag dáta deiridh na bliana airgeadais, ar an mbarrachas nó ar an easnamh don bhliain airgeadais sin agus go mbeidh Acht na gCuideachtaí, 2014, á gcomhlíonadh acu.

Fad is a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais a dhéanamh agus meastacháin chuntasaíochta a chur ar fáil atá réasúnach agus stuama;
- sonraigh cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir caighdeán cuntasaíochta infheidhme, ullmhaigh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé iomchuí glacadh leis nach leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta nó go gcinntíonn sí go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta iomchuí ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta na Cuideachta,a chumasaíonn ag am ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil Acht na gCuideachtaí, 2014, á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais agus ag an Tuarascáil ó na Stiúrthóirí, agus go gcumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil le reachtaíocht i ndlínsí eile.

**Príomhghníomhaíocht**

## COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Is í príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) príomhfhoinsí lámhscríbhinne do stair agus do chultúr na hÉireann a fhoilsiú i bprionta agus ar líne. Ní bheadh na foinsí sin á bhfoilsiú seachas sin de bhrí

nach bhfuil siad inmharthana ar bhonn tráchtála bunaithe ar aon sainmhíniú. Mar chomhlacht poiblí, feidhmíonn CLÉ mar chomhairleoir don rialtas freisin, nuair is gá, maidir le ceisteanna a bhaineann le foinsí príomhúla go ginearálta, agus tacaíonn sé le feasacht an phobail agus na n-inistitiúidí ar thábhacht na bhfoinsí príomhúla sin.

**Athbhreithniú Gnó**

Ar aon dul leis an bplean forbartha straitéisí is déanaí, lean CLÉ ar aghaidh ag obair ar a phríomhchuspóir a bhaineann le foinsí príomhúla a fhoilsiú agus tacú le feasacht ar, agus le rochtain ar, fhoinsí príomhúla do stair, cultúr agus oidhreacht na hÉireann, agus do phobal na hÉireann. I rith 2024 mhéadaigh CLÉ an méid gníomhaíochtaí a bhí á dhéanamh aige chun a thosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir, mar chomhpháirtí comhoibritheach, mar shainchomhairleoir, mar eagraíocht atá ag tacú le feasacht ar an ngá atá le foinsí príomhúla a chaomhnú, agus mar eagraíocht atá ag tacú le agus ag baint tairbhe as digitiú. Rinneadh amhlaidh trína fhoilseacháin, obair na gcoistí, mar phríomhpháirtí de chuid Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann
Lean {MASÉ) le teagmháil a dhéanamh le Suirbhé Taifead Gnó sa Chartlann Náisiúnta, Éire {CNÉ) agus le hobair leantach a bhain le ballraíocht i dTaisclann Dhigiteach na hÉireann {TOÉ).

**Forbairt Shóisialta**

Leanfaidh CLÉ le hacmhainní a chur ar fáil chun foinsí lámhscríbhinne príomhúla a fhoilsiú. Leanfaidh CLÉ ar aghaidh ag tacú freisin le foinsí príomhúla a bhaineann le gach tréimhse a chaomhnú, agus go háirithe - trí obair an Choiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain (CFCR) - chun feasacht an phobail ar an ngá atá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú a mhúscailt; amach anseo beidh úsáid á baint as staraithe atá ag díriú ar an aonú aois is fiche as na taifid seo mar fhoinsí príomhúla.

Ar aon dul lena shainchúram seirbhíse poiblí, bainfidh CLÉ tairbhe as teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagráin leictreonacha dá liosta saothar atá fós i gcló, a chur chun cinn agus a chur ar fáil, trína shuíomh gréasáin agus trí thairseacha oidhreachta cultúrtha náisiúnta agus Eorpacha. Cuirfear foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló níos mó ar fáil ar líne d'úsáideoirí, in Éirinn agus ar fud an domhain, saor in aisce trí shuíomh gréasáin CLÉ ach freisin trí thaisclanna oiriúnacha eile cosúil le MASÉ agus TOÉ.

Cruthaíonn an plean forbartha straitéiseach cúig bliana creat soiléir do CLÉ chun a thosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh agus chun a sheirbhísí a sholáthar de réir phríomhchuspóir a Bhunreachta agus le haird chuí ar ardchaighdeáin de rialachas corparáideach agus de chomhlíonadh le cód rialachais na gcarthanachtaí ach ar chuntasacht do gach páirtí leasmhar CLÉ freisin.

**Príomhrioscaí agus éiginnteachtaí**

Is iad na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí a bhfuil tionchar acu ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ná cistiú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, agus pleanáil comharbais.

In 2022 athchóiríodh buiséad bliantúil CLÉ go dtí leibhéil 2011 agus in 2023 méadaíodh an buiséad €10,000. Leanadh ar aghaidh leis an gcistiú sin a chur ar fáil in 2024. Ainneoin go bhfuiltear ag súil go mbeifear ag tacú leis an leibhéal reatha cistithe amach anseo, is meabhrúchán é an tréimhse deich mbliana de laghdú deontais roimhe seo go bhfuil cistiú

leordhóthanach i mbaol i gcónaí chomh fada is a bhaineann le seirbhísí a chothabháil agus a chinntiú nach mbíonn an cistiú níos ísle ná na costais iarbhír.

Riosca féideartha do rath chlár foilsitheoireachta leanúnach CLÉ é pleanáil comharbais a bhaineann le baill CLÉ agus príomhbhaill foirne freisin. Tabharfar aghaidh ar an riosca seo trí bhreithniú a bheith á dhéanamh ag an mbord ar fhachtóirí ábhartha agus trí ghlacadh le agus chur chun feidhme straitéise bunaithe ar phríomhthréimhsí aistrithe. Bhuail Coiste Riosca le chéile i mí an Mheithimh 2024 agus tá obair á déanamh chun fachtóirí riosca éagsúla a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú a bheidh mar bhonn le straitéis bainistíochta riosca CLÉ.

**Gníomhaíochtaí**

***Foilseacháin***

In 2024, d'fhoilsigh CLÉ athchló den eagrán speisialta dá shraithfhoilseachán mar aon le dhá eagrán d'fhoinsí príomhúla, ceann a bhain leis an séú haois déag agus ceann a bhain le deireadh an tseachtú haois déag.

Analecta Hibernica *Uimh. 53: Eagrán Speisialta* - *Tine 1922*

Curtha in eagar ag Peter Crooks, Elva Johnston agus Timothy Murtagh, agus foilsithe den chéad uair i mí na Samhna 2023, díoladh na cóipeanna ar fad den eagrán speisialta seo de shraithfhoilseachán CLÉ go tapa agus cinneadh ag tús 2024 an t-eagrán speisialta seo a athchló.

Mar atá luaite i dtuarascáil bhliantúil 2023, coimeádadh an t-eagrán seo agus é mar aidhm, léargas ilchodach, trí dhoiciméid aonair a roghnú go cúramach, a thabhairt ar oidhreacht dhoiciméadach shaibhir na hÉireann thar thréimhse 700 bliain. Curtha in eagar i gcomhar le taighdeoirí ó MASÉ, ag croílár an eagráin seo tá suirbhé tuairisciúil ar na hábhair a bailíodh ó fhothracha OTPÉ - an chéad iarracht a rinneadh teacht ar thuiscint ar an ábhar a sábháladh in imeacht beagnach céad bliain. Is é an saothar deiridh atá curtha ar fáil aiste fhótagrafach dhaite - an chéad sampla dá leithéid in *Analecta Hibernica* - a chuireann leis an suirbhé trí shampla amhairc a sholáthar de na taifid shábháilte, rud a chiallaíonn go bhfuil críoch á cur leis an eagrán speisialta seo le híomhánna cumhachtacha de chaomhnú in ainneoin dochar a bheith déanta. I measc na ndoiciméad eile atá le fáil san imleabhar tá doiciméid a bhaineann leis an tríú haois déag agus bailiúchán comhfhreagrais OTPÉ féin ina bhfuil eolas maidir lena bhunú agus lena mhodh oibre i bhfianaise chúlra na n-imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a tharla sular áitíodh agus sular scriosadh an áit in 1922.

*Calendar of Papal Letters relating to Great Britian* & *Ireland, volume* ***XX/,*** *1513-1521, Leo X, Lateran Registers*

Is féilire a foilsíodh tar éis bhás an údair é seo, curtha in eagar ag Anne P. Fuller. Cailleadh Bean Uasal Fuller i mí an Mhárta 2023, i ndiaidh tinnis fhada, ach d'fhág sí téacs an imleabhair seo le CLÉ agus ba é an Dr Alan Macquarrie a d'ullmhaigh é chun críche foilsithe. Is ionann an t-imleabhar seo agus cuid de shraith sheanbhunaithe atá dírithe ar chomhfhreagras na Breataine agus na hÉireann sna cláir phápacha atá le fáil i gCartlanna Aspalda na Vatacáine. Is foinse mhór de stair na Breataine, na hAlban agus na hÉireann iad na litreacha sin, agus i gcás cuid de luath-thréimhse an tséú haois déag, níl scrúdú déanta ar mhórán acu fós. San imleabhar is mó tá go leor faisnéise beathaisnéisí agus topagrafaí ina léirítear timpeallacht eaglasta oileáin na Breataine agus na hÉireann. San áireamh ann tá roinnt easpagóideachtaí agus ardeaspagóideachtaí lena n-áirítear Obar Dheathain, Ardach, Ard Mhacha, Carlisle, Doire agus Worcester; agus mainistreacha lena n-áirítear Oileán Canon, Dryburgh, Kelso agus Scone. Tagraítear freisin do líon mór daoine den chléir, do reachtairí, do bhiocáirí agus do shéiplínigh pharóisteacha éiginnte. Is iad sin dréachtdoiciméid na hEaglaise thart ar an am ar foilsíodh saothar Luther, 95 Theses. Is ionann Imleabhar XXI agus deireadh an tsuirbhé ar na Cláir Lataránacha a bhain le pápacht Leo X ar foilsíodh an chéad leath de in imleabhar XX.

Pointe tábhachtach is ea gurb ionann sraith nua CPR agus toradh ar chomhphháirtíocht fhada idir acadóirí Éireannacha agus Briotanacha, a bhí ag obair roimhe seo agus atá ag obair i láthair na huaire, atá bunaithe in Ollscoil Obar Dheathain, Ollscoil Londian, Ollscoil Cambridge,

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Leabharlann na Vatacáine. Bhí foinsí sa RA ag cistiú na n-imleabhar - Comhairle Taighde na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, Ollscoil Cambridge, Iontaobhas Leverhulme - agus in Éirinn ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus a réamhtheachtaithe trí mhaoiniú ó Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, foilsitheoir acadúil na sraithe.

*Liosta d'éilimh mar atá ag na hiontaobhaithe i dTeach Chichester i bhFaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath, ar nó roimh an 10 Lúnasa, 1700*

Curtha in eagar ag Charles Ivar McGrath agus Frances Nolan, is ionann an fhoinse seo agus príomhghné dár dtuiscint ar aistriú talún státurraithe ar fud na tíre ó Chaitlicigh Éireannacha Ghaelacha agus ó Chaitlicigh Rómhánacha na Sean-Ghall, Protastúnaigh na Sean-Ghall agus Protastúnaigh Éireannacha Ghaelacha i rith an tseachtú aois déag. Ag cur leis tá foilseacháin eile de chuid CLÉ cosúil le *The Civil Survey, A.O. 1654-56,* curtha in eagar ag Robert C. Simington (10 n-imleabhar, 1931-61), *Court of Claims, submissions and evidence, 1663* curtha in eagar ag Geraldine Tallon agus foilsithe in 2006 agus an t-eagrán le foilsiú de *Books of Survey and Distribution* curtha in eagar ag Micheal 6 Siochru agus David Brown.

Tá taifead le fáil san imleabhar seo ar 3,140 éileamh ar thalamh agus ar réadmhaoin eile forghéillte i ndiaidh Chogadh na hÉireann in 1689-91. Ainneoin dearbhú go mbeadh eastáit choigistithe lucht leanúna Éireannach Shéamas II in úsáid chun costas an chogaidh sin a fhritháireamh, i rith na 1690idí, thug Liam III réimsí móra talún do cheannasaithe míleata agus do dhaoine a thaitin leis. Agus é mar aidhm stop a chur le largesse an rí, sa bhliain 1700 rith parlaimint na Breataine 'An tAcht Athsheilbhe, a chuir deiridh le formhór de dheontais Liam agus a bhunaigh Bord Iontaobhaithe chun gach eastát forghéillte a dhíol. Go tábhachtach, forordaíodh san Acht freisin go raibh aon duine a d'fhógair teidlíocht d'eastát nó do mhaoin forghéillte roimh theacht i réim Liam agus Mháire, i dteideal éileamh a chur faoi bhráid na nIontaobhaithe ar nó roimh an 10 Lúnasa 1700.

Bhunaigh na hIontaobhaithe a gceanncheathrú in Teach Chichester i bhFaiche an Choláiste i mBaile Átha Cliath i mí Meithimh 1700. Cuireadh tús láithreach leis an obair a bhain le héilimh a chlárú agus faoin 10 Lúnasa bhí breis is 3,000 éileamh iontráilte, agus priontáladh liosta giorraithe de sin go tapa chun obair na nIontaobhaithe a éascú. Taifeadadh na breithiúnais an Bhoird ina dhiaidh sin, píosa ar phíosa, i lámhscríbhinn i roinnt de na himleabhair phriontáilte.

Ainneoin nach bhfuil ach líon beag de na liostaí anótáilte sin ar fáil, thiomsaigh na heagarthóirí na breithiúnais ar fad, chun, den chéad uair, taifead iomlán de na héilimh a chur ar fáil agus de rialacha na nIontaobhaithe, lena n-áirítear 48 éileamh lámhscríbhinne breise a cuireadh isteach i ndiaidh an spriocdháta - Lúnasa 1700.

**Seirbhísí agus fógraíocht**

Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, faigheann oifig CLÉ glaonna gutháin agus fiosruithe ó gach cearn den domhan. Bainistítear iad seo faoi théarmaí ár gcairte custaiméirí. Soláthraítear roinnt seirbhísí ar shuíomh gréasáin CLÉ, lena n-áirítear: foilseacháin CLÉ a dhíol ar líne; PDFanna in-íoslódáilte d'eagráin dhigitithe de CLÉ atá as cló; bunachair shonraí inchuardaithe; an nuacht is deireanaí maidir leis na foilseacháin is deireanaí agus le himeachtaí seirbhísí poiblí eile; tograí foilseacháin a thaisceadh ar líne; cóip in- íoslódáilte den chatalóg foilseachán is deireanaí de CLÉ; agus tuarascálacha de chineálacha éagsúla, tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus doiciméid bheartais ina measc.

Táthar ag súil go leanfaidh CLÉ ag cothú caidrimh le pobail nua úsáideoirí trí na meáin shóisialta agus ag freastal ar an éileamh ar bhealaí nua le feasacht ar fhoilseacháin CLÉ agus ar obair an Choimisiúin i gcoitinne chun taifid a chaomhnú agus a chur chun cinn.

**TUARASCÁIL Ó NA STIÚRTHÓIRÍ**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

Rinne CLÉ fógraíocht i réimse leathan foilseachán clóite le linn 2024. Leanadh ar aghaidh leis an bhfógraíocht i ngach eagrán den iris staire cháiliúil, *History Ireland,* agus tarraingíodh aird ar eagráin a cuireadh i dtoll a chéile le déanaí lena n-áirítear *Analecta Hibernica* Uimh. 53 ach freisin ar chartlann teaghlaigh agus eastáit, bunachar sonraí ar líne, foinsí príomhúla do litríocht agus acmhainní digiteacha saor in aisce CLÉ. Cuireadh acmhainní staire teaghlaigh chun cinn san Family Directory bliantúil a fhoilsíonn Ulster Historical Foundation agus i dtaispeántas taistil UHF i Meiriceá Thuaidh freisin. Bhí fógraí spriocdhírithe le fáil freisin in eagráin de *Times Literary Supplement* agus *Senior Times* agus dáileadh fógrán daite A4, in eagrán Bealtaine/Meithimh de *History Ireland,* a bhí dírithe ar an eagrán speisialta de *Analecta Hibernica* Uimh. 53. Tá na hasraonta meáin sin ag croílár chur chun cinn fhoilseachán CLÉ i measc na bpobal de staraithe gairmiúla agus amaitéaracha, leabharlannaithe agus ginealeolaithe/staraithe teaghlaigh. Comhpháirt thábhachtach is ea fógraíocht i bprionta, mar aon le gníomhaíocht ar na meáin shóisialta, chun aird pobal seanbhunaithe agus nua, in Éirinn agus thar lear, a tharraingt ar fhoilseacháin CLÉ. Chomhlíon CLÉ na ceanglais a tugadh isteach faoi Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a chiallaigh go raibh ar a laghad 20% dá fhógraíocht i nGaeilge in 2024 agus go raibh ar a laghad 5% den chaiteachas fógraíochta úsáidte chun fógraíocht a dhéanamh trí Ghaeilge sna meáin Ghaeilge.

**Acmhainní Digiteacha CLÉ**

Cuireann CLÉ réimse acmhainní digiteacha ar fáil trína shuíomh gréasáin, ó chóipeanna in-íoslódáilte d'eagráin de chuid CLÉ atá as cló go bunachair shonraí inchuardaithe agus cuireann sé leis na hacmhainní seo ar bhonn leanúnach.

Go nuige seo, cuireadh 75 eagrán as cló d'fhoinsí príomhúla (lena n-áirítear sraitheanna amhail *The Civil Survey, The Correspondence of Daniel O'Connell* agus *Calendar of Ormond Deeds)* ar fáil ar líne tríd an tseirbhís Eagráin Dhigiteacha ag CLÉ. Tá siad sin ar fáil mar PDFanna in-íoslódáilte do dhaoine ionas gur féidir leo iad a stóráil go logánta agus a úsáid as líne. I mí Márta, cuireadh na ceithre imleabhar de shaothar Micheline Walsh, *Spanish Knights of Irish Origin* (foilsithe idir 1960 agus 1978), ar fáil saor in aisce le híoslódáil as áit ar bith ar fud an domhain. Áirítear ar na himleabhair seo ginealach Fear Éireannach a bhí páirteach i ridireacht na Spáinne - agus ba é an chéad fhear ina measc Dónal Ó Súileabháin Bhéara in 1607 - i dteannta le doiciméid cosúil lena n-uachtanna, teistiméireachtaí, teastais bhaiste, phósta agus bháis, agus liosta urraitheoirí. Scaipthe i gcartlann ar fud na Spáinne agus na Fraince roimhe seo, tá na doiciméid seo á gcoimeád i gCartlann Náisiúnta Stairiúil Mhaidrid. Cuirfear tuilleadh eagrán leis an acmhainn seo gach bliain agus tá sé i gceist ag CLÉ a chuid eagrán ar fad a chur ar fáil ar líne faoin gcomóradh céad bliain in 2028.

Tairgeann CLÉ trí bhunachar sonraí inchuardaithe ar a shuíomh gréasáin: Foinsí do Stair na mBan Éireannach; bunachar sonraí bunaithe ar eagrán 2012 curtha in eagar ag Clare Murphy agus Liam Kennedy, *The account books of the Franciscan House, Broad Lane in Cork, 1764-1921;* agus cuardach simplí bunaithe ar theideal, eagarthóir nó uimhir imleabhair do gach eagrán de *Analecta Hibernica,* ó eagrán 1 go dtí eagrán 53.

Glacann CLÉ le digitiú liosta na saothar atá fós i gcló mar chuid lárnach dá shainchúram seirbhíse poiblí chun rochtain ar agus feasacht ar na foinsí príomhúla lámhscríbhinne atá caomhnaithe i bprionta a fheabhsú. Ag féachaint do na modhanna agus do na hacmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ gach iarracht úinéirí ceart an ábhair ar fad a úsáideadh ar rannóg na nEagrán Digiteach dá shuíomh gréasáin a fháil agus a chreidiúint. Fáiltíonn CLÉ roimh úinéirí ceart a chreideann nach bhfuil aitheantas cuí tugtha dóibh ar shuíomh gréasáin CLÉ, nó a chreideann nár urramaíodh a gcóipcheart go hiomlán, teagmháil a dhéanamh le CLÉ trí ríomhphost a sheoladh chuig support@irishmanuscripts.ie nó trí ghlaoch ar an uimhir+ 353 1 676 1610.

**TUARASCÁIL Ó NA STIÚRTHÓIRÍ**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**Comhoibriú - Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann**

Mar chomhpháirtí lárnach in MASÉ, sholáthair CLÉ go leor eagrán digiteach agus prionta óna chatalóg saothar mar aon le 65 alt ó *Analecta Hibernica* ar cuid iad de na 'bailiúcháin athsholáthair' inchuardaithe nó a chuireann leis an mbonn eolais níos ginearálta in MASÉ.

Tá CLÉ ag leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le MASÉ chun téacsanna ó eagráin scolártha a chur ar fáil d'íomhánna na lámhscríbhinní bunaidh i mbailiúcháin ó thaisclanna rannpháirteacha a chuirfear ar fáil a ardán MASÉ. Is fianaise chumhachtach ar bhuntáistí an chomhoibrithe í an fheidhmiúlacht chuardaigh ardfhorbartha a sholáthraíonn MASÉ agus infhionntacht feabhsaithe na scoláireachta in eagráin CLÉ trí bhailiúchán choimeádta.

I measc na dtionscadal comhoibrithe atá ar siúl le MASÉ in 2024 tá tionscadal a bhfuil baint ag Acadamh Ríoga na hÉireann leo (féilire lámhscríbhinní Chuallacht Naomh Anna) agus Clárlann na nGníomhas in Tailte Éireann (Cuimhneacháin Comhpháirtíochtaí Anaithnide).

**Rannpháirtíocht phoiblí**

In 2024, reáchtáil CLÉ léacht phoiblí maidir Dé Sathairn, an 5 Deireadh Fómhair, mar chuid d'Fhéile Staire Bhaile Átha Cliath. Ag an imeacht a raibh slua mór i láthair aige, labhair triúr de na taighdeoirí a d'oibrigh ar *Analecta Hibernica* Uimh. 53 faoi na rudaí spéisiúla a thug siad faoi deara fad is a bhí siad i mbun oibre.

An Dr Ciaran Wallace. Labhair Leas-Stiúrthóir MASÉ, faoi na scéalta a thagann chun solais i ndiaidh dó scrúdú a dhéanamh ar chomhaid chomhfhreagrais OTPÉ. In 1867, bhí an institiúid nuabhunaithe oscailte ag coimpléasc na gCeithre Chúirteanna i mBaile Átha Cliath. I rith na mblianta fada ina dhiaidh sin, bailíodh na tonaí de thaifid chartlainne go díograiseach, a bhain leis an tréimhse idir ré na Normannach agus an naoú haois déag, san áitreabh nua-aimseartha, saintógtha seo. Ar an 30 Meitheamh 1922, ag tús an Chogaidh Chathartha, scrios pléascadh ollmhór an chartlann agus na doiciméid stairiúla luachmhara a bhí sa chartlann. Céad bliain ina dhiaidh sin, bhí MASÉ i mbun oibre chun an foirgneamh caillte agus a bhailiúcháin a athchruthú. Ina láithreoireacht tagraíodh d'institiúid rathúil ach d'institiúid a bhfuil dearmad déanta uirthi freisin, agus dá hoidhreacht athnuaite i ré dhigiteach.

Tá Jessica Baldwin ag obair mar chaomhnóir sinsearach i gCartlann Náisiúnta na hÉireann agus i rith a cainte thagair sí do chaomhnú 25,000 píosa páipéir agus lámhscríbhinne a aimsíodh sa smionagar i ndiaidh scriosadh OTPÉ. Cúis iontais is ea go bhfuil aon taifead sábháilte. Mhínigh sí an tslí a bhfuil teicnící caomhantais traidisiúnta oiriúnaithe agus beachtaithe thar thréimhse blianta fada chun dul in oiriúint do riachtanais shonracha an bhailiúcháin taifead sábháilte agus go raibh siad in úsáid chun taifid luachmhara a aisghabháil a measadh tráth dá raibh go raibh siad caillte go deo. Bhí na sleamhnáin ar a tugadh léargas ar na próisis éagsúla spéisiúil.

Ba é an Dr Timothy Murtagh a rinne an láithreoireacht deiridh, comhalta taighde le MASÉ atá ag obair in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (OTPTÉ). I measc na dtaifead ar fad a scriosadh i dtine OTPÉ in 1922, ceann de na taifid na shuntasaí a cailleadh ba ea bailiúchán ó Oifig an Phríomh-Rúnaí. I gcomhair na gcéadta blianta, chuir Príomh-Rúnaí na hÉireann agus a fho-rúnaithe treoracha Fhir Ionaid an Rí i ndiaidh a chéile i gcrích, agus rinneadh maoirseacht ar an rialtas láir i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Gné riachtanach dá ról ba ea faisnéis maidir le bagairtí do cheannas na Breataine in Éirinn a bhailiú. I gcomhair breis is deich mbliana ag deireadh an ochtú haois déag, bhí oifigeach amháin ag feidhmiú mar ghníomhaireacht spiaireachta aonfhir: Edward Cooke. Idir ionraí Francacha agus éirí amach sa bhaile, choinnigh gréasán spiairí agus brathadóirí Cooke an rialtas ar an eolas faoi bhonnsraith rúnda réabhlóideach na hÉireann. Cé go cailleadh go leor de litreacha Cooke sa tine a tharla in 1922, tá roinnt comhfhreagrais aimsithe in OTPTÉ ina léirítear stair rúnda na hÉireann i rith bhlianta achrannacha na 1790idí.

**COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA**

**(Cuideachta faoi theorainn**

**TUARASCÁIL Ó NA STIÚRTHÓIRÍ**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**Baill foirne**

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006. Soláthraíonn Bean Uasal Judith O'Brien {páirtaimseartha) agus Bean Uasal Sarah Rowley {lánaimseartha Eanáir-Lúnasa, páirtaimseartha Meán Fómhair-Nollaig) cúnamh riaracháin ar bhonn conartha.

**Íocaíocht d'Fhoireann CLÉ**

Ceanglaíonn tuairisciú airgeadais faoi láthair go mbeadh liosta á chur ar fáil againn den líon ball foirne buan a thuilleann níos mó ná
€60,000 sa bhliain a inár gcuntais. Luaimid na leibhéil tuarastail ar fad thíos ar mhaithe leisan bhfollasacht.

Maidir le tuarastail, is é seo a leanas an miondealú ar olltuarastail in 2024:

| |
|---|
| Tuarastal idir €60,000 – €70,000 per annum: 1 duine |
| Tuarastal idir €50,000 – €60,000 per annum: 0 duine |
| Tuarastal idir €40,000 – €50,000 per annum: 1 duine* |
| Tuarastal idir €30,000 – €40,000 per annum: 1 duine* |
| Tuarastal idir €20,000 – €30,000 per annum: 0 duine |
| *bunaithe ar thuarastal bliantúil coibhéiseach pro rata d'fhostaithe faoi chonradh i gcomhair seirbhíse |

**Sláinte agus sábháilteacht fostaithe**

Cosnaítear folláine fhostaithe na cuideachta trí chaighdeáin sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Sa reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, forchuirtear ceanglais áirithe ar fhostóirí agus tá na bearta riachtanacha déanta ag an gCuideachta le comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta agus Ráiteas maidir le Dínit agus Meas ag an Obair a ghlacadh. D'éirigh le gach ball foirne sa chlár Safe to Create.

**Airgeadas**

Mar a rinne sé sna blianta roimhe seo, ba mhaith le CLÉ aitheantas a thabhairt don chistiú a fuair sé in 2024 ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Murach an deontas a chuir an Roinn ar fáil, ní bheadh CLÉ in ann a shainchúram a fhreastal. Tá an cistiú ríthábhachtach bliantúil seo mar bhonn agus taca ag clár foilseachán CLÉ. Tá sé tábhachtach an leibhéal cistithe seo a choinneáil ionas go mbeidh CLÉ in ann a chlár oibre a fhorbairt agus dul i ngleic leis na costais atá ag ardú, rud a theastaíonn lena shainchúram a fhreastal.

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltacht, Spóirt agus Meán**

Ba mhaith le CLÉ aitheantas a thabhairt freisin do bhaill Aonad Institiúidí Cultúrtha na Roinne a chuaigh i gcomhairle le CLÉ thar ceann na Roinne in 2024, go háirithe an tUas. John Kennedy agus Letitia Stepenske Uas., le cúnamh ó Aoife O'Sullivan Uas., Ona Daly Uas. agus Janet Gordon Uas. Táimid ag súil le hobair leanúnach a dhéanamh leis an Roinn chun sainchúram CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir foinsí príomhúla i gcomhair stair agus chultúr na hÉireann agus chun áit CLÉ mar nasc tábhachtach idir pobal na hoidhreachta cultúrtha agus an pobal taighdeoirí sna daonnachtaí i gcoitinne a fhorbairt.

Leatha

## TUARASCÁIL Ó NA STIÚRTHÓIRÍ
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

**Rialachas**

Leanann Stiúrthóirí/Baill CLÉ an treoir do stiúrthóirí, rúnaithe agus baill cuideachtaí a thugtar sna leabhair eolais a dhéanann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Déanann Bord CLÉ gach iarracht soláthar seirbhíse ardchaighdeáin a chinntiú agus leanann sé dea-chleachtas rialachais, mar a achoimrítear sa Chód Rialachais, cód cleachtais deonach do charthanais.

Fágann sé seo go bhfuil naoi mball déag sa Choimisiún, painéal saineolaithe. Níl ach post amháin eile le líonadh, post *ex officio* stiúrthóir Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

*Cruinnithe*

In 2024 tháinig Bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le chéile sé huaire, cúig huaire mar stiúrthóirí i gcomhair gnáthchruinnithe gnó agus uair amháin mar bhaill den Chruinniú Ginearálta Bliantúil.

*Iniúchadh Neamhspleách*

Déantar iniúchadh neamhspleách ar CLÉ gach bliain. Úsáidtear creat tuairiscithe Charities SORP chun na ráitis airgeadais a ullmhú d'fhonn follasacht iomlán. Glacadh le ráitis airgeadais iniúchta 2023 sa CGB a reáchtáladh ar an 25 Márta 2024 agus taisceadh iad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ina dhiaidh sin.

*Ballraíocht – dearbhuithe maidir le caighdeáin in oifigí poiblí*

Tuairiscíonn baill ar fad CLÉ dearbhuithe maidir le Caighdeáin in Oifigí Poiblí i gcomhair aon bhliana nó aon choda de bhliain ina ndearna siad seirbhís ar bhord CLÉ. Coinnítear na ráitis seo in oifig CLÉ agus tá siad ar fáil lena n-iniúchadh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

**Taighde agus Forbairt**

Níor tabhaíodh aon chostais taighde agus forbartha le linn na bliana.

**Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe**

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl na stiúrthóirí den tuairim go dtiocfaidh aon athruithe suntasacha ar chineál an ghnó.

**Deonacháin Pholaitiúla**

Níor thug an chuideachta aon deonachán polaitiúil le linn na bliana.

**Taifid Chuntasaíochta**

Is iad na bearta atá déanta ag na stiúrthóirí chun comhlíonadh Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chinntiú maidir le taifid chuí chuntasaíochta ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a thaifeadadh, pearsanra inniúil cuntasaíochta ag a bhfuil an saineolas cuí a fhostú, agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais.

saineolas, agus dóthain acmhainní a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

**Ráiteas maidir le faisnéis ábhartha iniúchóireachta**

Tá an méid seo a leanas dearbhaithe ag gach duine a bheidh ina stiúrthóir nuair a fhaomhfar Tuarascáil na Stiúrthóirí:

- Go bhfios don stiúrthóir, níl faisnéis ábhartha iniúchóireachta ann nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta feasach uirthi, agus
- Tá na céimeanna ar fad ba cheart do stiúrthóir a thógáil tar éis a bheith tógtha ag an stiúrthóir chun bheith feasach ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus lena dheimhniú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta feasach ar an bhfaisnéis sin.

**Iniúchóirí**

Mar thoradh ar an gcumasc idir Duignan Carthy O'Neill Limited agus Strata Audit, d'éirigh Duignan Carthy O'Neill Ltd as a chúraimí mar iniúchóirí i rith na bliana agus cheap na baill Strata Audit chun an corrfholúntas a líonadh. Thug na hiniúchóirí, Strata Audit, le fios go bhfuil siad toilteanach fanacht i mbun oifige de réir alt 380 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an Bhoird

John McCafferty (Cathaoirleach)
Stiúrthóir

Nicola Morris
Stiúrthóir

Dáta 6 Márta 2025

## TUAIRISC NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

**Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais Tuairim**

Tá ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (an 'Chuideachta') iniúchta againn don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus cuimsítear leo an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta a leagtar amach i Nóta 2. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an Financial Reporting Council.

In Maidir leis na ráitis airgeadais, táimid den tuairim:

- Go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta ar an 31Nollaig 2024 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch sin;
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

**Bunús leis an tuairim**

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISAanna (Éire)) agus an dlí isinfheidhme. Cuirtear síos níos mó ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil ina bpléitear freagrachtaí na nIniúchóirí don iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir nagceanglas eitice is ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí (Éire) arnaeisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eitice eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt lenár dtuairim.

**Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach**

Agus na ráitis airgeadais iniúchta againn, táimid tagtha ar an tuairim go bhfuil sé cuí do na stiúrthóirí bunús cuntasaíochtaan ghnóthais leantaigh a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí ná coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar inniúlacht na Cuideachta leanúintmar ghnóthas leantach go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údarófar na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Cuirtear síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

**Eolas eile**

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an eolas eile. Cuimsítear leis an eolas eile an t-eolas a áirítear leis an Tuarascáil Bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus ár dTuarascáil Iniúchóireachta ina leith. Ní chlúdaítear an t-eolas eile lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais agus, ach amháin sa mhéid a luaitear go follasach inár dtuarascáil seachas sin, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn ná an t-eolas eile a léamh agus, lena linn sin, a bhreithniú an bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó an bhfuil an chuma air gur míshonraíodh é go hábhartha.

TUAIRISC NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

míshonraithe. Má shainaithnímid a leithéid sin de neamhréireanna ábhartha nó míshonruithe ábhartha de réir cosúlachta, ceanglaítear orainn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha a bhaineann leis an bhfaisnéis eile. Má thagaimid ar an tuairim, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go ndearnadh míshonrú ábhartha ar an eolas eile seo, éilítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina thaobh seo.

**Tuairim maidir le hábhair eile a fhorordaítear in Acht na gCuideachtaí 2014**

Is é an tuairim atá againn, bunaithe ar an obair a rinneadh i gcaitheamh an iniúchta, ná an méid a thuairiscítear anseo:

- Tá an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain airgeadais ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlíthiúil is infheidhme.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaíonn chun críocha ár n-iniúchta, chomh fada lenár n-eolas agus lenár dtuiscint, faighte againn..

Táimid den tuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta leordhóthanach le gurbh fhéidir iniúchadh pras agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

**Ábhair a n-éilítear orainn iad a thuairisciú mar eisceacht**

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an gCuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, níl aon mhíshonruithe ábhartha sainaitheanta againn i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

In Acht na gCuideachtaí 2014, éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit i gcás, dar linn, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon ailt ó 305 go dtí 312 den Acht, a bhaineann le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí. Níl aon rud letuairisciú againn ina thaobh seo.

**Freagrachtaí faoi seach agus srianta ar úsáid Freagrachtaí na**

**Stiúrthóirí**

Mar a míníodh ar bhealach ní ba shoiléire sna Ráitis ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 4, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata tuairiscithe airgeadais is infheidhme chun léargas fírinneach cóir a thabhairt, agus chun an rialú inmheánach sin a chinneann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteasairgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide, a chumasú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar inniúlacht na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach agus as ábhair a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme, agus as bunús an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an lucht bainistíochta an Chuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil rogha réadúil eile acu ach é sin a dhéanamh.

**TUAIRISC NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (AR LEAN) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**Freagrachtaí na n-iniúchóirí as na ráitis airgeadais a iniúchadh**

Is iad ár gcuspóirí dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú •ábhartha, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus Tuarascáil Iniúchóirí a eisiúint a bhfuil ár mbarúil sonraithe inti. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnach, ach ní féidir talamh slán a dhéanamh de go n-aimseofar míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó nuair a dhéantar iniúchadh de réir ISAnna (Éire). D'fhéadfadh míshonruithe a bheith bunaithe ar chalaois nó ar earráid agus glactar leis go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfaí glacadh leis go réasúnach go mbeidh tionchar acu ar chinntíeacnamaíocha bunaithe ar na ráitis airgeadais sin.

Tá breis eolais maidir lenár bhfreagrachtaí i ndáil leis an iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ ag: http://www.iaasa.ie. Is cuid dár dTuarascáil Iniúchóirí é an t-eolas breise sin.

**Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus na daoine a bhfuilimid freagrach dóibh**

Cuirtear an tuarascáil faoi bhráid bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúchóireachta ionas gur féidir linn a lua le baill na Cuideachta na hábhair sin a n-éilítear orainn iad a lua leo i dTuarascáil Iniúchóireachta agus ní chun aon chríche eile. Sa mhéid is mó is féidir a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní thoimhdímid freagracht do dhuine ar bith ach amháin don Chuideachta agus do bhaill na Cuideachta, mar chomhlacht, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí ar thángamar orthu.

Elizabeth Murphy

do agus thar ceann
**Strata Audit**

Gnólacht Iniúchta Reachtúil

3 Cúirt an Chairdis
Rae an Chairdis
Baile Átha Cliath 2
002 VY52
Dáta: 6 Márta 2025

## RÁITEAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS (IONCAM & CAITEACHAS SAN ÁIREAMH) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| | | 2024 | | | 2023 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Teoranta | Neamhtheoranta | Iomlán | Teoranta | Neamhtheoranta | Iomlán |
| | | Cistí | Cistí | Cistí | Cistí | Cistí | Cistí |
| | | € | € | € | € | € | € |
| **Ioncam ó:** | | | | | | | |
| Deontais cistithe ioncaim | **6** | 280,000 | | 280,000 | 280,000 | | 280,000 |
| Gníomhartha eile | | 18,504 | | 18,504 | 17,241 | | 17,241 |
| Cíos neamhairgeadaíochta | | 39,066 | | 39,066 | 44,082 | | 44,082 |
| Ilghnéitheach | | | | | 54 | | 54 |
| **Ioncam Iomlán** | | 337,570 | | 337,570 | 341,377 | | 341,377 |
| **Caiteachas ar:** | | | | | | | |
| Costais Riaracháin | | (78,998) | | (78,998) | (83,903) | | (83,903) |
| Costais Eagarthóireachta & Foilsitheoireachta | | (94,543) | | (94,543) | (95,549) | | (95,549) |
| Costais Oifige | | (47,512) | | (47,512) | (41,947) | | (41,947) |
| Tograí Speisialta | | | | | (11,310) | | (11,310) |
| Costas díolachán | | {69,626} | | (69,626) | (58,116) | | (58,116) |
| Táille cíosa neamhairgeadaíochta | | (39,066) | | (39,066} | (44,082} | | (44,082) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (329,745) | | (329,745) | (334,907) | | (334,907) |
| **Oibriúchán ioncam/ (caiteachas)** | | **7,825** | | **7,825** | **6,470** | | **6,470** |
| Ús iníoctha | | | | | | | |
| Ús tuillte | | 164 | | 164 | | | |
| **Glanioncam (glanchaiteachas)** | | **7,989** | | **7,989** | **6,470** | | **6,470** |
| Aistriú idir cistí | | | | | | | |
| Glanghluaiseacht i gcistí | | 7,989 | | 7,989 | 6,470 | | 6,470 |
| **Réiteach cistí:** | | | | | | | |
| Cistí iomlána tugtha ar aghaidh | | 239,142 | | 239,142 | 232,672 | | 232,672 |
| Ranníocaíocht chaipitil | **13** | 154,831 | | 154,831 | 154,831 | | 154,831 |
| **Cistí iomlána tugtha ar aghaidh** | | **401,962** | | **401,962** | **393,973** | | **393,973** |

Baineann na gníomhaíochtaí ar fad le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá na nótaí ar leathanaigh 18-29 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

## CLÁR COMHARDAITHE
## AR AN 31 NOLLAIG 2024

| | Nóta | | 2024<br>€ | | *2023*<br>*€* |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 7 | | **4,354** | | *5,641* |
| Sócmhainní inláimhsithe | 8 | | **8,768** | | *5,993* |
| | | | **13,122** | | *11,634* |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Stoic | 9 | **7,999** | | *7,465* | |
| Féichiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 10 | **15,471** | | *11,757* | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 11 | **378,882** | | *402,918* | |
| | | **402,352** | | *422,140* | |
| Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 12 | **(13,512)** | | *{39,801)* | |
| **Glansócmhainní reatha** | | | **388,840** | | *382,339* |
| **Iomlán sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | | **401,962** | | *393,973* |
| **Glansócmhainní** | | | **401,962** | | *393,973* |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchistí eile | | | **154,831** | | *154,831* |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | **247,131** | | *239,142* |
| **Cistí na gComhaltaí** | | | **401,962** | | *393,973* |

D’fhaomh an Bord na ráitis airgeadais agus cheadaigh a n-eisiúint:

Stiúrthóir

Dáta:

Tá na nótaí ar leathanaigh 18 go 29 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

## RÁITIS SREABHAIDH AIRGID
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | ( | € |
| **Sreafaí airgid ó gníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas don bhliain airgeadais | **7,989** | *6,470* |
| **Coigeartuithe le haghaidh:** | | |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | **1,287** | *1,287* |
| Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe | **3,829** | *2,509* |
| Laghdú/(méadú) ar stoic | **(534)** | *1,585* |
| Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe | **(3,714)** | *(3,844 )* |
| (Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe | **(26,289}** | *19,749* |
| **Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(17,432)** | *35,444* |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Ceannachán sócmhainní seasta inláimhsithe | **(6,604)** | *{6,189}* |
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **(6,604)** | *{6,189}* |
| **Glanmhéadú / (laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | **(24,036)** | *29,255* |
| Airgead agus coibhéis airgid ag tús na bliana | **402,918** | *373,663* |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana** | **378,882** | *402,918* |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana:** | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **378,882** | *402,918* |
| | **378,882** | *402,918* |

Tá na nótaí ar leathanaigh 18 go 29 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

### 1. Eolas Ginearálta

Is ionann na ráitis airgeadais seo ina gcuimsítear an Ráiteas ar ghníomhaíochtaí airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar shreafaí airgeadais agus na nótaí gaolmhara agus ráitis airgeadais aonair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, a corpraíodh i bPoblacht na hÉireann, is ea Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Corpraíodh an chuideachta in Éirinn ar an 24 Eanáir 2006. Is é uimhir chláraithe na Cuideachta ná 414351 agus tá a hoifig chláraithe lonnaithe ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Leagtar amach cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

### 2. Beartais chuntasaíochta

#### 2.1 Bunús d'ullmhú na ráiteas airgeadais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus de réir reacht Éireannach arb é Acht na gCuideachtaí 2014 atá inti.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais in euro, airgeadra feidhmiúil na Cuideachta.

Bunaíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann mar chuideachta faoitheorainn ráthaíochta agus é mar charthanas cláraithe a bhfuil a fheidhmíocht glactha agus tuairiscithe aige de réir na formáide arna foráil i Ráiteas um Chleachtas Molta (SORP) na gCarthanas agus a thuairiscíonn a feidhmíocht don bhliain airgeadais go háirithe i bhformáid an Ráitis Gníomhaíochtaí Airgeadais (SOFA) ón Ráiteas um Chleachtas Molta (SORP).

Forfheidhmíodh Acht na gCuideachtaí 2014 sa dlí ar an 1 Meitheamh 2015 agus ón dáta sin ar aghaidh feidhmíodh leis formáid agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais is cuí do Chuideachta atá ag trádáil ar son bhrabús a cuid ball go cuideachta ar eagraíocht sheachbhrabúsach í. D'fhonn faisnéis a chur ar fáil atá ábhartha chun tuiscint a fháil ar mhaoirseacht na stiúrthóirí agus ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an charthanais, d'ullmhaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a ráitis airgeadais de réir na bhformáidí a fhoráiltear i Ráiteas um Chleachtas Molta na gCarthanas (FRS 102).

Breithníonn na stiúrthóirí glacadh le ceanglais RCM mar an bealach cuntasaíochta is oiriúnaí chun léargas agus nochtadh cuí a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta. Dá mbeadh formáid Acht na gCuideachtaí in úsáid agus ábhar cheanglais na ráiteas airgeadais oiriúnach do chuideachta atá ag trádáil ar mhaithe le brabús a mball úsáidte seachas sin, bheadh cuntas brabúis agus caillteanais le nótaí gaolmhara ar a dtaispeántar míreanna cosúil le Láimhdeachas agus Costas Díolachán tuairiscithe i dteannta le "brabús" ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas.

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

#### 2.2 Ioncam

Luaitear ioncam glan ó lascainí trádála agus lacáistí ar an mórchóir agus díorthaítear é ó dhíolachán leabhar atá laistigh de ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ó dhíolachán leabhar nuair a aistríonn an chuideachta na rioscaí agus na luaíochtaí suntasacha a bhaineann le húinéireacht na n-earraí, a tharlaíonn de ghnáth nuair a sheachadtar na leabhair go fisiciúil chuig an gceannaitheoir.

**2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)**

**2.3 Pinsin**

**Plean pinsin le ranníocaíocht shainithe**

Feidhmíonn an Chuideachta plean le ranníocaíocht shainithe dá cuid fostaithe. Plean pinsin is ea plean le ranníocaíocht shainithe, ina n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí seasta le heintiteas ar leithligh. Nuair a íoctar na ranníocaíochtaí, níl aon oibleagáidí eile ar an gCuideachta.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostas ó thaobh brabúis agus caillteanais de nuair atá siad dlite. Taispeántar méideanna nach n-íoctar i bhfabhruithe mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ón gCuideachta i gcistí a riartar go neamhspleách.

**2.4 Ainm na Cuideachta**

Fuair an Chuideachta faomhadh faoi Alt 1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 na focail 'Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta' a fhágáil ar lár óna hainm.

**2.5 Sócmhainní doláimhsithe**

Aithnítear sócmhainní doláimhsithe i dtosach ar a gcostas. Tar éis dóibh a bheith aitheanta, faoin tsamhail chostais, ríomhtar sócmhainní doláimhsithe ar a gcostas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanais lagaithe carntha.

Meastar go bhfuil saolré ionchais chríochta ag gach sócmhainn dholáimhsithe. Mura féidir meastachán a dhéanamh ar an tsaolré ionchais, ní bheidh an tsaolré ionchais níos faide ná deich mbliana.

Foráiltear amúchadh ar na boinn seo a leanas: Costais

forbartha suímh ghréasáin 10 %

**2.6 Sócmhainní seasta inláimhsithe**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe faoin tsamhail chostais ar an gcostas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais lagaithe carntha. Áirítear le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus an bhail atá riachtanach le gur féidir leis feidhmiú ar an gcaoi atá beartaithe ag an lucht bainistíochta.

Muirearaítear dímheas chun costas na sócmhainní a leithdháileadh lúide a luach iarmharach i gcaitheamh a saolréanna ionchais measta, trí mhodh an mhéid chothroim a úsáid.

Foráiltear dímheas ar an mbonn seo a leanas:

Daingneáin agus Feistis

20

%

Athbhreithnítear luachanna iarmharacha, saolréanna ionchais agus modhanna dímheasa na sócmhainní, agus coigeartaítear iad go hionchasach más cuí, nó má thugtar athrú suntasach le fios ón dáta tuairiscithe roimhe seo.

Cinntear gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairtí trí chomparáid a dhéanamh idir na fáltais agus an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus caillteanais.

**2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)**

**2.7 Féichiúnaithe**

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas idirbhirt, lúide aon bhearnúchán. Ar dtús, tomhaistear iasachtaí infhála ag luach cóir, gan costais idirbhirt a chur san áireamh, agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as ráta úis glan, lúide aon bhearnúchán.

**2.8 Stoc**

Scaoiltear deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré ionchais na sócmhainní. Ós rud é go mbíonn méideanna díolachán leabhar arna bhfoilsiú ar an leibhéal is airde sa chéad dá bhliain i ndiaidh dháta a bhfoilsithe, tá stiúrthóirí den tuairim nach féidir ach leabhair a fhoilsítear laistigh de dhá bhliain den deireadh bliana a áireamh le luach an stoic. Tá foráil déanta i leith an chuid eile de na stoic leabhar gur stoc atá á dhíol go mall nó stoc críon iad.

**2.9 Airgead agus coibhéis airgid**

Is ionann airgead tirim agus airgead ar láimh agus taiscí ag institiúidí airgeadais is inaisíoctha gan phionós ar fhógra nach mó ná 24 uair an chloig. Is ionann coibhéisí airgid thirim agus infheistíochtaí fíorleachtacha a aibíonn thar thréimhse nach mó ná trí mhí ón dáta éadála agus atá in-chomhshóite go héasca marmhéideanna airgid is eol a mbaineann riosca neamhshuntasach leo ó thaobh athrú ar luach de.

Sa Ráiteas Sreabhaidh Airgid, taispeántar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim glan ó rótharraingtí baincis inaisíoctha ar éileamh agus tá siad mar dhlúthchuid de bhainistíocht airgid na Cuideachta.

**2.10 Creidiúnaithe**

Ríomhtar creidiúnaithe gearrthéarma ar phraghas an idirbhirt. Ríomhtar dliteanais airgeadais eile, lena n-áirítear iasachtaí bainc, i dtosach ar luach cóir, glan ó chostais bheartaíochta, agus ríomhtar iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus modh an úis ghlain á úsáid.

**2.11 Seirbhísí Cíosa**

Tá úsáid an fhoirgnimh ag 45 Cearnóg Mhuirfean ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. Ós rud é gur seirbhís dheonaithe é seo a sholáthraítear don chuideachta measann na stiúrthóirí gur gá an tseirbhís dheonaithe a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. D'áirigh siad táille chíosa chomhfhreagrach leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais freisin.

Gearrtar an cíos ar luach margaidh an mhargaidh cíosa i mBaile Átha Cliath 2 i gcomhair réadmhaoin ar mhéidchomhchosúil.

**2.12 Cánachas**

Tá an chuideachta saor ó cháin mar gheall ar a stádas carthanachta, uimhir charthanais 20063559 (UimhirCHY: 17206).

**2.13 Deontais rialtais**

Úsáidtear an tsamhail feidhmíochta chun deontais a aithint nuair atá dearbhú réasúnach ann go bhfaighfear an deontas agus go gcloífear leis na coinníollacha ar fad a ghabhann leis. Scaoiltear deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré ionchais na sócmhainní. Scaoiltear deontais i gcomhair caiteachas ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

**2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)**

**2.14 Beartais chuntasaíochta**

Chinn an Chuideachta forálacha Alt 11 "Búnionstraimí Airgeadais" de CTA 102 a chur i bhfeidhm i ndáil lena hionstraimí airgeadais ar fad.

Thogh an Chuideachta tairbhe a bhaint as forálacha aitheantais agus tomhais CTAÉ 9 Ionstraimí Airgeadais (arna ghlacadh ag Bord Formhuinithe na RA) i dteannta le ceanglais nochta Alt 11 agus Alt 12 agus ceanglais láithreoireachta eile CTA 102.

Aithnítear ionstraimí airgeadais i gClár Comhardaithe na Cuideachta nuair is ionann an Chuideachta agus páirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh, agus cuirtear na glanmhéideanna i láthair sna ráitis airgeadais, sa chás go bhfuil ceart forfheidhmithe le dlí ann chun na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil rún ann glanadh ar bhonn glanmhéid nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh go comhuaineach.

**Bunsócmhainní airgeadais**

Ar dtús, tomhaistear bunsócmhainní airgeadais, lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, iarmhéideanna airgid agus bainc, ag a bpraghas idirbhirt (coigeartaithe do chostais idirbhirt seachas i ndáil le tomhas tosaigh sócmhainní airgeadais a thomhaistear ina dhiaidh sin ag cóirluach trí bhrabús agus caillteanas) agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh úis glan, ach amháin murab ionann an socrú agus idirbheart airgeadais, sa chás go bhfuil an t-idirbheart á thomhas ag luach láithreach na bhfáltas todhchaíoch lascainithe ag ráta margaidh úis.

Níl lascainí san áireamh sa chás go bhfuil éifeacht an lascainithe neamhábhartha. Déileáiltear le hairgead agus le coibhéisí airgid na Cuideachta, trádáil agus formhór na bhféichiúnaithe eile dlite de réir an timthrialla oibriúcháin sa chatagóir seo d'ionstraimí airgeadais.

**Bearnúchán sócmhainní airgeadais**

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta chun críche fianaise oibiachtúla ar an mbearnúachán. Má tá sócmhainn bearnaithe is ionann an caillteanas bearnúcháin agus an difríocht idir an tsuim ghlanluacha agus luach reatha na sreafaí airgid measta lascainithe ag ráta úis glan bunaidh na sócmhainne. Aithnítear an caillteanas bearnúcháin i mbrabús nó caillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a bhearnú nuair a thugann teagmhais, i ndiaidh iad a aithint ar dtús, le fios go raibh tionchar díobhálach ar shreafaí airgid todhchaíocha measta díorthaithe ón tsócmhainn/ó na sócmhainní airgeadais. Glacfar leis an gcaillteanas bearnúcháin mar an difríocht idir an tsuim ghlanluacha reatha agus luach láithreach na sreafaí airgid todhchaíocha ag ráta úis glan bunaidh na sócmhainne/na sócmhainní.

Má tharlaíonn athrú fabhrach i ndáil leis na teagmhais a bhaineann leis an gcaillteanas bearnúcháin, ansin is féidir an bearnúchán a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha. Ní bheidh an t-aisiompú mar bhonn leis an tsuim ghlanluacha reatha a bheith níos airde ná an tsuim ghlanluacha bhunaidh mura mbeadh an bearnúchán aitheanta. Aithnítear an t-aisiompú bearnúcháin i mbrabús nó caillteanas.

**Dliteanais airgeadais**

Rangaítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir shubstaint na socruithe conarthacha ar glacadh páirt iontu. Is éard atá i gceist le hionstraim chothromais aon chonradh lena mbaineann leas iarmharach i sócmhainní na Cuideachta i ndiaidh gach dliteanas a asbhaint.

Tá bundliteanais airgeadais, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus iasachtaí eile

**2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)**

**2.14 Beartais chuntasaíochta (ar lean)**

arna dtomhas ar dtús ag a bpraghas idirbhirt {coigeartú do chostais idirbhirt seachas sa chéad tomhas ar dhliteanais airgeadais a thomhaistear ina dhiaidh sin ag cóirluach trí bhrabús agus caillteanas). Nuair a ghlactar leis seo mar idirbheart maoinithe, a chiallaíonn go bhfuil an ionstraim fiachais arna tomhas ag luach láithreach na n-íocaíochtaí todhchaíocha lascainithe ag margadhluach úis, cuirtear lascainiú as an áireamh sa chás go bhfuil éifeacht an lascainithe neamhábhartha.

Tugtar ionstraimí fiachais anonn ina dhiaidh sin ag a gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis glan.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí íoc as earraí agus seirbhísí atá faighte i rith gnáthchúrsa gnó ó sholáthraithe. Rangaítear creidiúnaithe trádála mar dhliteanais reatha má tá íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin. Murab é sin atá i gceist, is ionann iad agus dliteanais neamhreatha. Ar dtús, aithnítear creidiúnaithe trádála ag a bpraghas idirbhirt agus ina dhiaidh sin tomhaistear iad ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh úis glan. Níl lascainí san áireamh sa chás go bhfuil éifeacht an lascainithe neamhábhartha.

**Dí-aithint ionstraimí airgeadais Dí-aithint**

**sócmhainní airgeadais**

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais nuair a théann a gceart do shreabhadh airgeadais todhchaíoch in éag, nó nuair a ghlantar iad, nó
nuair a aistríonn an Chuideachta an tsócmhainn agus formhór na rioscaí agus na luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht chuig páirtí eile. Má choimeádtar rioscaí suntasacha agus luaíochtaí úinéireachta i ndiaidh an aistrithe go dtí páirtí eile, ansin leanfaidh an Chuideachta ar aghaidh le haitheantas a thabhairt do luach an sciar de na rioscaí agus luaíochtaí a coimeádadh.

**Dí-aithint dliteanas airgeadais**

Dí-aithnítear dliteanais airgeadais nuair a théann oibleagáidí conarthacha na Cuideachta in éag nó nuair a dhéantar iad a urscaoileadh nó a chealú.

**3. Breithiúnais i ndáil le beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm agus príomhfhoinsí d'éiginnteacht mheastacháin**

Breithníonn na stiúrthóirí na meastacháin agus na foshuíomhanna cuntasaíochta thíos mar a meastacháin agus a mbreithiúnais chuntasaíochta féin:

**Gnóthas Leantach:**
Measann na stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh ar an mbonn go leanfar de thacaíocht airgeadais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh tarlú mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint mar ghnóthas leantach.

**Luacháil Stoc:**
Luacháiltear stoic leabhar ar cibé acu is ísle, an costas nó an glanluach inréadaithe. Ós rud é go mbíonn méideanna díolachán leabhar arna bhfoilsiú ar an leibhéal is airde sa chéad dá bhliain i ndiaidh dháta a bhfoilsithe, tá stiúrthóirí den tuairim nach féidir ach leabhair a fhoilsítear laistigh de dhá bhliain den deireadh bliana a áireamh le luach an stoic. Tá foráil déanta i leith an chuid eile de na stoic leabhar gur stoc atá á dhíol go mall nó stoc críon iad.

**Tabhartais Seirbhísí Cíosa:**
Luacháiltear an tabhartas i gcomhair úsáid an fhoirgnimh ar luach margaidh an chíosa ar réadmhaoin chomhchosúil sa cheantar céanna.

**Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:**
Is é an meastachán ar shaolré ionchais Sócmhainní doláimhsithe seasta ná 10 mbliana.

**4. Íocaíocht do na hiniúchóirí**

Le linn na bliana, fuair an Chuideachta na seirbhísí seo a leanas ó iniúchóirí na Cuideachta:

| | **2024** | *2023* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | **4,310** | *4,310* |
| Seirbhísí neamhiniúchóireachta eile | **815** | *876* |

**S. Fostaithe**

Tá eolas maidir le costais foirne le fáil thíos:

| | 2024 | *2023* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pánna agus tuarastail (lena n-áirítear conarthaí | **107,032** | *114,400* |
| seirbhíse) | **11,560** | *12,430* |
| Costais árachais shóisialaigh | **9,508** | *6,860* |
| Costas na scéime le ranníocaíocht shainithe | **--** | |
| | **128,100** | *133,690* |

Seo a leanas an meánlíon fostaithe míosúil, i rith na bliana:

| | 2024 | *2023* |
|---|---|---|
| | **Uimh.** | *Uimh.* |
| Fostaithe | **1** | *1* |

Tá ball foirne buan lánaimseartha amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus fostaíonn sé beirt ar conradh i gcomhair seirbhísí bunaithe ar chúnamh riaracháin.

**6. Deontas na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltacht, Spóirt agus Meán**

Díorthaíodh ioncam iomlán na cuideachta don bhliain óna príomhghníomhaíocht, a rinneadh go hiomlán in Éirinn.

Tá dliteanas teagmhasach ann deontais rialtais a fhaightear a aisíoc mura n-úsáidtear an deontas don chuspóir dar tugadh é.

Gníomhaireacht
Clár Deontais na Roinne
Rialtais Urraithe

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin

Cuspóir an Deontais
i.e. - Pá agus riarachán ginearálta
- Gníomhaíochtaí foilseacháin a chistiú

| | |
|---|---|
| Deontas Iomlán | €280,000 |
| - Deontas aistrithe go dtí ioncam i rith na tréimhse | €280,000 |
| | €280,000 |
| - An tAirgead a fuarthas i rith na tréimhse | €Náid |
| - Méideanna deontais iarchurtha ó 2023 | €Náid |
| - Aon mhéid deontair iarchurtha nó dlite ag deireadh na tréimhse | |
| Caiteachas | €280,000 |
| Téarma | in Éag ar an 31 Nollaig 2024 |
| Faighte ag deireadh na bliana | 31-Noll-24 |
| Deontas Caipitil | **Náid** |
| Srian ar úsáid | Tacaíocht do thuarastail foirne, foilsiú agus costais oibriúcháin |
| Imréiteach Cánach | Tá |

Tá Imlitreacha ábhartha á gcomhlíonadh ag Coimisiún Lámhscríbhinne na hÉireann CTR lena n-áirítear Imlitir 13/2014, "Bainistíocht agus Cuntasach as Deontais ó Chistí Státchiste".

**7. Sócmhainní doláimhsithe**

| | Bogearraí ríomhaireachta € |
|---|---|
| **Costas** | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | **12,874** |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | **12,874** |
| **Amúchadh** | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | **7,233** |
| Muirear don bhliain ar shócmhainní dílse | **1,287** |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | **8,520** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | **4,354** |
| *Ag an 31 Nollaig 2023* | *5,641* |

8. **Sócmhainní seasta inláimhsithe**

| | Daingneáin agus feistis |
|---|---|
| | € |
| **Costas nó luacháil** | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | **67,790** |
| Breiseanna | **6,604** |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | **74,394** |
| **Dímheas** | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | **61,797** |
| Muirear don bhliain ar shócmhainní dílse | **3,829** |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | **65,626** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | **8,768** |
| *Ag an 31 Nollaig 2023* | *5,993* |

Ionchorpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile luach measta €48,710 ar an gcuideachta. Aithnítear na sócmhainní seo sna breiseanna thuasluaite ag luach ainmniúil de €1.

9. **Stoic**

| | **2024** | *2023* |
|---|---|---|
| | € | € |
| An stoc leabhar | **7,999** | *7,465* |

Rinneadh stoic leabhar a luacháil ag leibhéal is ísle an chostais agus an ghlanluacha inréadaithe.

**10. Féichiúnaithe**

| | **2024** | *2023* |
|---|---|---|
| | € | *€* |
| Féichiúnaithe trádála | **4,593** | *5,660* |
| Féichiúnaithe eile | | *784* |
| Réamhíocaíochtaí | **10,878** | *5,313* |
| | **15,471** | *11,757* |

**11. Airgead agus coibhéis airgid**

| | **2024** | *2023* |
|---|---|---|
| | € | *€* |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **378,882** | *402,918* |
| | **378,882** | *402,918* |

**12. Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin**

| | **2024** | *2023* |
|---|---|---|
| | € | *€* |
| Cánachas agus árachas sóisialta | **5,471** | *8,211* |
| Creidiúnaithe eile | **101** | *31* |
| Fabhruithe | **7,940** | *31,559* |
| | **13,512** | *39,801* |

**13. Ranníocaíocht chaipitil**

Corpraíodh an chuideachta ar an 24ú Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann airgead tirim €130,731 agus €24,100 mar stoc leabhar uirthi. Bronnadh troscán agus trealamh eile oifige uirthi freisin agus áiríodh iad seo leis na ráitis airgeadais ar luach ainmniúil €1. Tá ranníocaíocht chaipitil iomlán €154,831 ann dá bharr seo.

**14. Costais phinsin**

Is ionann na costais phinsin a ghearrtar sna ráitis airgeadais agus an ranníocaíocht is iníoctha ag an gcuideachta le fostaí CCSP ar bhonn céatadán seasmhach den olltuilleamh. Bhí costais phinsin cothrom le €9,508 (2023: €6,535).

**15. Cúiteamh do phearsanra príomhbhainistíochta**

Níor íocadh aon chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024.

**16. Idirbhearta le páirtithe gaolmhara**

Cúitítear stiúrthóirí i ndáil le haon chostas taistil agus cothabála tabhaithe le linn dóibh a gcuid dualgas a chur i gcrích. I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024 bhí na costais iomlána a cúitíodh cothrom le €2,004 (2023: €4,381}.

Tháinig an chuideachta ar chomhaontú le hOifig na nOibreacha Poiblí a chiallaíonn nach mbeidh aon chíos iníoctha i ndáil le húsáid a bhaint as an spás oifige. Faoi CTA 102 tá margadhluach de €43,125, lúide costais de €4,059 aitheanta i ráitis airgeadais 2024 (2023: €44,082) mar sheirbhís bhronnta neamh-mhalartaithe.

**17. Teagmhais iarchláir chomhardaithe**

Ní raibh aon teagmhas suntasach a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl na stiúrthóirí den tuairim go dtiocfaidh aon athrú suntasach ar chineál an ghnó.

**18. Páirtí rialúcháin**

Tá an chuideachta á rialú ag a Baill agus ag an mBord Stiúrthóirí.

**19. Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomh an bord stiúrthóirí eisiúint na ráiteas airgeadais seo ar an 6 Márta 2025.